# Ráiteas Straitéise Cúig **Bliana Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin 2026-2031**

Nollaig 2025

**Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin**
Grangegorman
Development Agency

# Clár


| | |
|---|---|
| 1 | Réamhrá agus Athbhreithniú ar an Dul Chun Cinn go dtí seo |
| 2 | Colúin Straitéiseacha le haghaidh 2026 - 2031 |
| 3 | Cumasóirí agus Rioscaí Straitéiseacha |
| 4 | Aguisíní |


**Gníomhaireacht Forbartha**
**Ghráinseach Ghormáin**
Grangegorman
Development Agency

# Réamhrá

## Cuspóir

Is é is cuspóir don Ráiteas Straitéise **5Bliana seo** na Príomhcholúin **Straitéiseacha** a leagan amach trína ndéanfaidh Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin ("an GFGG" nó "an Ghníomhaireacht") a sainordú reachtúil a chomhlíonadh agus a Misean agus a Fís a chur chun cinn. Soláthraítear leis na Colúin sin an creat uileghabhálach lena dtreorófar cinnteoireacht, beartú tosaíochta agus feidhmíocht sa tréimhse 2026 go 2031. I dteannta a chéile, cuireann siad ar chumas GFGG leanúint dá phríomhchuspóirí a bhaineann le Ceathrú Uirbeach Ghráinseach Ghormáin a bhaint amach, agus san am céanna cuireann siad ar chumas na Gníomhaireachta freagairt go héifeachtach d'aon leathnú ar a sainchúram amach anseo. Forbraíodh na Colúin trí phróiseas fianaisebhunaithe agus comhairleach atá bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- Ráiteas Straitéise 5 Bliana an GFGG roimhe seo (2021–2026)
- Aidhmeanna agus Cuspóirí Tionscadail Phlean Straitéiseach 2011
- Fís an Mháistirphlean le haghaidh Cheathrú Uirbeach Ghráinseach Ghormáin
- Measúnú ar thosaíochtaí stratéiseacha an GFGG
- Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha
- Measúnú ar chumas eagraíochtúil an GFGG
- Athbhreithniú ar an gcomhthéacs beartais, eacnamaíoch agus comhshaoil níos leithne

Chomh maith leis na Colúin Straitéiseacha, sainaithnítear sa Ráiteas Straitéise seo **Príomhchumasóirí Straitéiseacha** agus **Rioscaí Straitéiseacha**. Gabhann na Cumasóirí na coinníollacha seachtracha, na tacaíochtaí institiúideacha agus na comhpháirtíochtaí lena neartófar cumas an GFGG a chuspóirí a bhaint amach agus oiriúnú do dhúshláin a bheidh ann amach anseo, agus leagtar amach sna Rioscaí na príomhéiginnteachtaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chur i gcrích thosaíochtaí straitéiseacha na Gníomhaireachta. Le chéile, cuireann siad creat láidir ar fáil le haghaidh cur i bhfeidhm éifeachtach agus athléimneacht eagraíochtúil.

## Modheolaíocht

Ullmhaíodh an Ráiteas Straitéise seo trí úsáid a bhaint as creat struchtúrtha fianaisebhunaithe chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an GFGG, ar fhócas seachadta amach anseo, ar shamhail rialachais, agus ar leibhéal rannpháirtíochta na bpáirtithe leasmhara. Is é atá sa mhodheolaíocht na codanna seo a leanas:

**1. Anailís Straitéiseach agus Chomhthéacsúil**

Rinneadh meastóireacht réamhbhreathnaitheach ar chumas agus rialachas eagraíochtúil an GFGG, chomh maith le hathbhreithniú cuimsitheach ar thimpeallacht páirtithe leasmhara an GFGG. Rinneadh anailís bheartais, eacnamaíoch, shóisialta, theicneolaíoch, reachtach agus chomhshaoil ("PESTLE") freisin chun príomhcheachtanna, tosaíochtaí straitéiseacha agus rioscaí a shainaithint.

**2. Comhairliúchán agus Rannpháirtíocht leis na Páirtithe Leasmhara Seachtracha agus Inmheánacha**

Rannpháirtíocht struchtúrtha leis na páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, mar a liostaítear i dTábla 1. Bhí agallaimh agus grúpaí fócais mar chuid den phróiseas. Ba é an aidhm a bhí leis sin measúnú a dhéanamh ar ailíniú, meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht seachadta, agus riachtanais chomhair amach anseo a shainaithint.

*Tábla 1: Liosta an Chroíghrúpa Páirtithe Leasmhara agus na bPáirtithe Leasmhara Inmheánacha a ndeachthas i gcomhairle leo*

| An Croíghrúpa Páirtithe Leasmhara | Páirtithe Leasmhara Inmheánacha |
|---|---|
| Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (OT Bhaile Átha Cliath) | Cathaoirleach an GFGG |
| an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta ("RBATNE") | Comhaltaí Boird an GFGG |
| An Pobal Áitiúil | Feidhmeannaigh shinsearacha an GFGG |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ("FSS") | Foireann an GFGG |
| Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ("CCBÁC") | |

**3. Measúnú ar an dul chun cinn**

Chun tacú leis an Ráiteas Straitéise **5 Bliana seo** , rinneadh measúnú mionsonraithe ar dhul chun cinn GFGG go dtí seo maidir lena fheidhmeanna reachtúla agus a chuspóirí straitéiseacha roimhe seo a chomhlíonadh chun cur chuige fianaisebhunaithe a sholáthar chun bonn eolais a chur faoin Ráiteas Straitéise le haghaidh 2026-2031.

## Colúin Straitéiseacha

Ba é toradh an chleachtaidh forbairt 4 Cholún Straitéiseacha, a bheidh mar bhonn taca faoi dhul chun cinn, treo agus forbairt an GFGG thar an tréimhse 2026-2031. ***Seo a leanas na Colúin:***

1. **Seachadadh Leanúnach Mháistirphlean Ghráinseach Ghormáin**
2. **Caidreamh agus Comhar**
3. **Éabhlóid an GFGG**
4. **An Inbhuanaitheacht a leabú ar fud ár nGníomhaíochtaí**

# Athbheritthniú Dul Chun Cinn in aghaidh Ráiteas Straitéise 2021-2026

Sa Ráiteas Straitéise 5 Bliana roimhe seo (2021–2026) leagadh amach torthaí meántéarmacha agus cuspóirí straitéiseacha na Gníomhaireachta i gcomhréir le tosaíochtaí RBATNE. Arna fhorbairt laistigh den chomhthéacs níos leithne maidir le Fís Mháistirphlean Ghráinseach Ghormáin a chur chun cinn, aidhmeanna Phlean Straitéiseach GFGG 2011 a bhaint amach, agus feidhmeanna reachtúla na Gníomhaireachta a chomhlíonadh faoin Acht um Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin, 2005 (“an tAcht”), sainíodh cuspóirí an Ráitis Straitéise ar fud na gceithre théama straitéiseacha seo a leanas:

### 1. Mórthionscadail atá le cur i gcrích le linn na tréimhse Straitéisí

Leagadh amach i Ráiteas Straitéise 2021-2026 cúig thionscadal a raibh sé mar sprioc ag an GFGG iad a chur i gcrích laistigh den tréimhse straitéiseach. Mar a léirítear i dTábla 2 thíos, tá dul chun cinn seasta déanta ag an GFGG i dtreo a spriocanna a bhaint amach, tar éis dó formhór a tionscadal a chur i gcrích. Áirítear leis sin trí cinn de na cúig mhórthionscadal a chur i gcrích agus thart ar leath de Chlár III OT Bhaile Átha Cliath a chur i gcrích.

D’eascair moilleanna i gcoinne an phlean den chuid is mó as tosca nach raibh neart ag an GFGG orthu, lena n-áirítear tionchar phaindéim COVID-19 ar Chomharsanacht Cúraim Chónaithe FSS agus luach margaidh agus dúshláin mhaoinithe a dhéanann difear do thionscadail OT Bhaile Átha Cliath. Mar sin féin, a luaithe a fuair tionscadail faomhadh ó pháirtithe leasmhara, chuir an GFGG ar fáil go comhsheasmhach iad in am agus ar ardchaighdeán.

*Tábla 2: Tionscadail atá le Cur i gCrích sa Ráiteas Straitéise 5 Bliana roimhe seo (2021 – 2026)*

| | Tionscadail | | Stádas an Tionscadail |
|---|---|---|---|
| 1. | **Comharsanacht Cúraim Chónaithe** | | 🟠 |
| 2. | **Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim le Chéile BÁC7** | | 🟢 |
| 3. | **Clár III OT Bhaile Átha Cliath** | Mol Acadúil | 🟢 |
| | | Ionad Fuinnimh Eatramhach | 🟢 |
| | | Teach Íochtarach | 🟢 |
| | | Cearnóg Thiar | 🟠 |
| | | Spóirt Faoi Dhíon (Céim 1) | 🟠 |
| | | FOCAS / Mol Taighde 2 | 🟠 |
| 4. | **Talamh agus Réadmhaoin a Dhiúscairt agus a Dhílsiú i gcomhréir leis an dul chun cinn** | | 🟢 |
| 5. | **Tionscadail ábhartha Ealaíne agus Staire Poiblí a chur i gcrích** | | 🟢 |

Eochair Eolais: 🟢 Tionscadal curtha i gcrích 🟠 Tionscadal gan bheith curtha i gcrích

### 2. Mórthionscadail atá le tosú le linn na tréimhse Straitéisí

Sainaithníodh freisin i Ráiteas Straitéise 2021-2026 ceithre Mhórthionscadal atá le tionscnamh le linn na tréimhse straitéisí, lena gcumhdaítear Cláir 3 agus 4 den Mháistirphlean. Dearadh iad seo chun cur leis an méid a baineadh amach roimhe seo agus chun móiminteam forbartha a chothú ar fud Cheathrú Uirbeach Ghráinseach Ghormáin. Cé go ndearnadh obair shuntasach ar thrí cinn de na ceithre thionscadal (cé is moite de Cheapach 02 do FSS), níor cuireadh tús leo go fóill mar threoir shoiléir agus tá sainordú ó na páirtithe leasmhara ábhartha ar feitheamh (Cóiríocht do Mhic Léinn / Cearnóg Láir), cuireadh moill orthu nó cuireadh ar ceal iad mar gheall ar thosca nach bhfuil smacht ag an GFGG orthu (i.e. forbairt bheartaithe an Lae Oibre ar cheapacha FSS in aice le Geata an Chlocháin Leathain).

| Mórthionscadail atá le Tosú sa Ráiteas Straitéise 5 Bliana |
|---|
| **An Chéad Chéim de Cóiríocht do Mhic léinn le haghaidh OT Bhaile Átha Cliath** |
| **Forbairt ag Ceapacha FSS in aice le Geata an Chlocháin Leathain** |
| **Forbairt ag Ceapach 2 le haghaidh FSS** |
| **An Chearnóg Láir ag teacht in áit Shráid Bolton le haghaidh OT Bhaile Átha Cliath** |

### 3. Torthaí Straitéiseacha

Leagtar amach i Ráiteas Straitéise 2021–2026 sraith Torthaí Straitéiseacha chun feidhmíocht an GFGG a threorú le linn na tréimhse Cúig5 bliana. Rinneadh an Ghníomhaireacht seachadadh láidir ar na spriocanna sin, agus baineadh formhór na dtorthaí (9 as 13) amach nó bhí siad ar an mbóthar ceart lena gcur i gcrích faoi dheireadh na tréimhse straitéisí. Léiríonn an dul chun cinn sin rialachas láidir, cumas láidir seachadta, agus muinín leanúnach na bpáirtithe leasmhara. Mar sin féin, bhí ceithre thoradh fós ar siúl, go háirithe iad siúd a bhain le beocht na Ceathrún, cobhsaíocht maoinithe, bainistíocht eastáit, agus aistriú tailte agus foirgneamh. Féach Tábla 4 in Aguisín 1 le haghaidh tuilleadh sonraí faoi gach Toradh Straitéiseach ar leith.

### 4. Torthaí na Gníomhaireachta

I Ráiteas Straitéise 2021-2026, tugadh mionsonraí freisin ar Thorthaí na Gníomhaireachta lena dtomhaistear feidhmíocht inmheánach agus éifeachtacht eagraíochtúil an GFGG, lena n-áirithítear go leanfaidh a struchtúir, a chultúr agus a chumais de bheith ailínithe le seachadadh a Mhisin agus a Físe. Faoi dheireadh na tréimhse straitéisí, bhí trí cinn de na cúig Thoradh Gníomhaireachta bainte amach go substaintiúil ag an GFGG, rud a léirigh dul chun cinn láidir maidir le cultúr oibre comhoibríoch a chothú, lucht saothair rannpháirteach spreagtha a chothú, agus a cháil mar cheannaire san athnuachan uirbeach agus shóisialta a chomhdhlúthú. Tá dhá thoradh Ghníomhaireachta a bhaineann le hualaí oibre neamhréireacha agus struchtúir eagraíochtúla fho-optamacha fós gan réiteach ag deireadh na tréimhse straitéisí. Is tosaíocht don GFGG faoi láthair é iad sin a cheartú. Féach Tábla 5 Aguisín 1 le haghaidh sonraí faoi gach Toradh Gníomhaireachta ar leith.

# Colúin Straitéiseacha 2026 - 2031
## Ceithre Cholún Straitéiseacha lena dTreoraítear Treo an GFGG Amach Anseo

Forbraíodh na ceithre **Cholún Straitéiseacha** atá mar bhonn taca leis an Ráiteas Straitéise seo trí phróiseas fianaise-bhunaithe agus comhairliúcháin a léiríonn tiomantas ab GFGG d'ailíniú straitéiseach, cuntasacht agus feabhsú leanúnach. Le chéile, is iad na Colúin sin an creat trína ndéanfaidh an GFGG a **Misean agus a Fís**a bhaint amach, rud a threoróidh cinnteoireacht, beartú tosaíochta agus feidhmíocht sa tréimhse straitéiseach atá le teacht. Tá siad bunaithe ar athbhreithniú cuimsitheach ar dhul chun cinn faoin Straitéis roimhe seo, ar réimsí a shainaithint a éilíonn fócas athnuaite (lena n-áirítear rioscaí buiséadacha agus airgeadais agus na hathruithe pleanáilte a d'fhéadfadh an tOireachtas a dhéanamh ar Acht an GFGG) agus ar mheasúnú ar chumas eagraíochtúil agus ullmhacht seachadta. Le rannpháirtíocht fhorleathan le RBATNE, OT Baile Átha Cliath, FSS, DCC, agus leis an bPobal Áitiúil ("Príomhghrúpa Páirtithe Leasmhara" an GFGG), cinntíodh go léiríonn na Colúin tosaíochtaí comhroinnte agus uaillmhian chomhchoiteann, bunaithe tuilleadh ar anailís ar an gcomhthéacs beartais níos leithne, eacnamaíoch, sóisialta, teicneolaíoch, reachtach agus comhshaoil a bhfuil tionchar aige ar threo an GFGG amach anseo.

### Fís

"Le bheith aitheanta go háitiúil agus go hidirnáisiúnta mar eiseamláir d'athghiniúint uirbeach pobail, atá dírithe ar an oideachas agus ar an tsláinte."

### Misean

"Pobal bríomhar a dhéanamh de Ghráinseach Ghormáin a chuimsíonn oideachas, sláinte, campas pobail agus ceathrú uirbeach den chéad scoth atá comhtháite agus cuimsitheach. Bainfear é seo amach trí thimpeallacht thógtha a sheachadadh atá ag teacht le Fís Mháistirphlean Ghráinseach Ghormáin. Ag tógáil ar an méid sin, ullmhóidh an GFGG chun a ról a leathnú thar Ghráinseach Ghormáin chun forbairtí inbhuanaithe agus cuimsitheacha a chur chun cinn i ndlúthchomhar lena páirtithe leasmhara agus lena comhpháirtithe."

### Colúin Straitéiseacha

#### 1 Seachadadh Leanúnach Mháistirphlean Ghráinseach Ghormáin

Díriú i gcónaí ar Mháistirphlean Ghráinseach Ghormáin a sheachadadh go tráthúil agus ar bhealach costéifeachtach ar mhaithe le páirtithe leasmhara uile an GFGG, agus san am céanna tacú le bainistíocht eastáit neartaithe chun an bonneagar ardchaighdeáin a sholáthraítear a chaomhnú agus a fheabhsú.

#### 2 Caidreamh agus Comhar

Cur le rannpháirtíocht éifeachtach na bpáirtithe leasmhara, agus béim athnuaite á leagan ar an gcomhar le Croíghrúpa Páirtithe Leasmhara an GFGG a neartú, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin seachadta agus chun Aidhmeanna agus Cuspóirí Straitéiseacha an GFGG a áirítear sa Phlean Straitéiseach a chur chun cinn, go háirithe iad siúd a bhaineann le Máistirphlean Ghráinseach Ghormáin a thabhairt chun críche.

#### 3 Éabhlóid an GFGG

Agus Máistirphlean Ghráinseach Ghormáin á chur i gcrích, an reachtaíocht chumasúcháin atá beartaithe lena leathnófaí sainchúram an GFGG lasmuigh de shuíomh Ghráinseach Ghormáin a ullmhú agus a chur i bhfeidhm, dá mba rud é go n-aontódh agus de réir mar a chomhaontódh an tOireachtas.

#### 4 An Inbhuanaitheacht a leabú ar fud ár nGníomhaíochtaí

Ceannaireacht an GFGG san fhorbairt uirbeach inbhuanaithe a ghiaráil trí dhíriú ar phríomhréimsí tionchair ar fud ár slabhra breisluacha chun foirgnimh éifeachtúla ísealcharbóin agus spásanna poiblí cuimsitheacha atá athléimneach ó thaobh na haeráide de a sholáthar, agus dlús á chur ag an am céanna le dícharbónú Chóras Téimh Cheantar Ghráinseach Ghormáin.


**Cumasóirí Straitéiseacha** (féach leathanach 10) agus **Rioscaí Straitéiseacha** (féach leathanach 11)

# Colúin Straitéiseacha

## Colún 1: Seachadadh Leanúnach Mháistirphlean Ghráinseach Ghormáin

**Díriú i gcónaí ar Mháistirphlean Ghráinseach Ghormáin a sheachadadh go tráthúil agus ar bhealach costéifeachtach ar mhaithe le páirtithe leasmhara uile an GFGG, agus san am céanna bainistíocht eastáit a neartú chun an bonneagar ardchaighdeáin a sholáthraítear a chaomhnú agus a fheabhsú.**

Is é seachadadh leanúnach Mháistirphlean Ghráinseach Ghormáin príomh-shainordú reachtúil agus príomhthosaíocht straitéiseach an GFGG don tréimhse straitéiseach, mar a dheimhnigh RBATNE agus tá sé lárnach chun an fhís fhadtéarmach do Cheathrú Uirbeach Ghráinseach Ghormáin a bhaint amach agus chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na tairbhí do na páirtithe leasmhara uile.
Trí fhócas disciplínithe a choinneáil ar sheachadadh, leanfaimid de thacaíocht a thabhairt do Chroíghrúpa Páirtithe Leasmhara an GFGG chun a gcuspóirí straitéiseacha a chur chun cinn agus chun a chinntiú go leanfaidh Gráinseach Ghormáin de bheith ag feidhmiú mar shamhail d'athnuachan uirbeach chomhtháite.
Ar an gcuma chéanna, tá sé ríthábhachtach samhail bainistíochta eastáit atá inbhuanaithe agus dea-rialaithe a bhunú chun a chinntiú go ndéanfar an bonneagar ardchaighdeáin a cuireadh ar fáil cheana a chothabháil go héifeachtach, a mhaoiniú go leordhóthanach agus a bhainistiú go hinbhuanaithe don todhchaí.




Tá deiseanna suntasacha ann don GFGG cur lenár gcuntas teiste láidir agus ár gceannaireacht san athnuachan uirbeach a threisiú, chomh maith lenár saineolas a ghiaráil maidir le hiarrachtaí náisiúnta digitithe a chur chun cinn trí bhainistiú clár agus trí chumarsáid.

Trínár ról mar eiseamláir d'athnuachan comhtháite agus de chomhfhorbairt áite inbhuanaithe a chothú, is féidir linn beocht, feidhmiúlacht agus tarraingteacht infheistíochta Cheathrú Uirbeach Ghráinseach Ghormáin a fheabhsú a thuilleadh.

San am céanna, trí shamhail láidir chomhroinnte bainistíochta eastáit a bhunú, tugtar an deis creat dea-chleachtais a chruthú le haghaidh maoirseacht chomhoibríoch ar Cheathrú Uirbeach Ghráinseach Ghormáin, creat lena ndéantar riachtanais na bpáirtithe leasmhara uile a chothromú agus lena gcinntítear beocht, sábháilteacht agus inbhuanaitheacht leanúnach na Ceathrún Uirbí.

Cumasófar cur i gcrích rathúil faoin gColún Straitéiseach seo go páirteach leis an méid seo a leanas:

- **Meascán Maoiniúcháin Inbhuanaithe agus Éagsúlaithe:** Rochtain leanúnach ar fhoinsí maoinithe cobhsaí agus éagsúla.
- **Ailíniú le Príomhpháirtithe Leasmhara:** Comhordú leanúnach agus beartú tosaíochta comhroinnte le príomhpháirtithe leasmhara chun éifeachtúlacht seachadta a chinntiú agus riosca tionscadail a laghdú, go háirithe i ndáil le réiteach bainistíochta eastáit inbhuanaithe a sholáthar.
- **Tacaíocht Rialtais agus RBATNE:** Tacaíocht leanúnach beartais agus pholaitiúil lena gcinntítear deimhneacht maoiniúcháin, cobhsaíocht rialachais agus leanúnachas straitéiseach.
- **Tacaíocht Phobail Láidir:** Caidreamh láidir pobail agus muinín an phobail as luach agus tionchar sóisialta an tionscadail a choinneáil.

Tá seachadadh rathúil na gcéimeanna eile de Mháistirphlean Ghráinseach Ghormáin ag brath ar bhainistiú a dhéanamh ar roinnt rioscaí straitéiseacha a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'amlínte, do bhuiséid agus do mhuinín na bpáirtithe leasmhara. Áirítear orthu sin:

- Brúnna Maoiniúcháin agus Boilscithe Costais
- Srianta ar an Lucht saothair agus ar Chumas Eagraíochtúil
- Moilleanna Soláthair nó Pleanála
- Mí-ailíniú Páirtithe Leasmhara nó Easpa Ceannach Isteach
- Éiginnteacht Éilimh
- Riosca do Cháil agus Riosca i leith Mhuinín na bPáirtithe Leasmhara

## Príomhbhearta

Beidh an chéad chéim eile de Mháistirphlean Ghráinseach Ghormáin ag brath ar shraith spriocdhírithe gníomhaíochtaí tosaíochta a chuirfidh leis an dul chun cinn atá déanta go dtí seo agus a neartóidh inbhuanaitheacht fhadtéarmach an GFGG.

### 1. Athbhreithniú ar Mháistirphlean Ghráinseach Ghormáin

I bhfianaise na tréimhse ama ó cuireadh i gcrích é, a chinntiú go ndéanfar Máistirphlean Ghráinseach Ghormáin a ailíniú i gcomhar le príomhghrúpa páirtithe leasmhara an GFGG chun a dheimhniú go bhfuil a chuspóirí, a raon feidhme agus a thosaíochtaí fós ailínithe le riachtanais na bpáirtithe leasmhara agus go léiríonn siad na dálaí beartais, eacnamaíocha agus sóisialta atá ann faoi láthair.

### 2. Mórthionscadail Mháistirphlean

Díreoidh an chéad tréimhse straitéiseach eile ar na príomhghnéithe eile de Mháistirphlean Ghráinseach Ghormáin atá idir lámha cheana féin nó ag céimeanna ardphleanála a chur i

- Comharsanacht Cúraim Chónaithe Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)
- Cearnóg Thiar OT Bhaile Átha Cliath
- Dícharbónú an chórais téimh ceantair
- Tacú le seachadadh fostáisiúin 110 kVA ag ESB

### 3. Mórthionscadail atá le cur chun cinn

Díreofar freisin ar an gcéad chéim eile d'fhorbairtí móra a chur chun cinn, lena gcinnteofar go leanfar den chur i bhfeidhm

Ghráinseach Ghormáin atá le cur i gcrích lena n-áirítear:

- Tithíocht Ollscoile le haghaidh OT Bhaile Átha Cliath
- Spóirt Faoi Dhíon (Céim 1) le haghaidh OT Bhaile Átha Cliath
- Tacú le FSS chun cuidiú léi teacht ar réiteach le haghaidh Limistéar D
- Cearnóg Láir (Sráid Bolton) & Mol Taighde le haghaidh OT Bhaile Átha Cliath
- Ceapach 02 le haghaidh FSS

### 4. Cobhsaíocht an Lucht Saothair, Cumas agus Pleanáil Comharbais

Tabharfaidh an GFGG faoi chleachtadh cuimsitheach deartha eagraíochta chun cobhsaíocht, cumas agus ullmhacht comharbais a chinntiú ar fud na heagraíochta, rud a chuirfidh ar a cumas na hacmhainní uile is gá a bheith aige,agus a bheith éifeachtach agus ullamh chun na gníomhaíochtaí agus na tosaíochtaí a leagtar amach faoin gcolún straitéiseach seo a chur i gcrích.

### 5. Réiteach Bainistíochta Eastáit

Creat rialachais agus maoiniúcháin fadtéarmach a bhunú do Bhainistíocht Eastát Cheathrú Uirbeach Ghráinseach Ghormáin lena soláthrófar oibríochtaí comhsheasmhacha, éifeachtúla agus freagracha ó thaobh an chomhshaoil de ar fud na bpáirtithe leasmhara uile. Is é an chéad tosaíocht a bheidh ann páirt a thabhairt do Chroíghrúpa Páirtithe Leasmhara an GFGG chun a riachtanais a thuiscint, difríochtaí a réiteach, agus cur chuige comhroinnte a chomhaontú lena bhfaightear cothromaíocht idir éifeachtúlacht, cuntasacht agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach. A luaithe a fhorbrófar agus a chomhaontófar réiteach, tacóidh an GFGG go hiomlán lena chur chun feidhme, i cibé foirm ina mbeidh sé, chun maoirseacht agus feidhmíocht leanúnach Cheathrú Uirbeach Ghráinseach Ghormáin a chinntiú.

# Colúin Straitéiseacha

## Colún 2: Caidreamh agus Comhar


**Cur le rannpháirtíocht éifeachtach páirtithe leasmhara an GFGG, agus béim ar leith á leagan ar an gcomhar le Croíghrúpa Páirtithe Leasmhara an GFGG a neartú, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin seachadta agus chun cuspóirí straitéiseacha an GFGG a chur chun cinn, go háirithe Máistirphlean Ghráinseach Ghormáin a thabhairt chun críche.**

Ag tógáil ar na bunsraitheanna láidre atá bunaithe againn go dtí seo, leanfaidh an GFGG den chomhar lenár gCroíghrúpa Páirtithe Leasmhara, chomh maith le príomh-chomhpháirtithe seachadta eile, a neartú. Tá rannpháirtíocht éifeachtach ar fud na ngrúpaí sin ríthábhachtach i gcónaí chun ailíniú a choinneáil ar bun, rioscaí seachadta a bhainistiú, agus torthaí straitéiseacha comhroinnte a bhaint amach.
Bhí ár gcur chuige cuimsitheach atá bunaithe ar chomhpháirtíocht lárnach i rath na gníomhaireachta, rud a chothaíonn muinín agus comhordú ar fud tírdhreach casta páirtithe leasmhara. Leanfaidh an tsamhail chomhoibríoch seo de bheith mar bhonn taca lenár gcuid oibre de réir mar a chothóimid móiminteam an tseachadta agus de réir mar a ullmhóimid do shainchúram níos leithne lena gceadófar obair lasmuigh de Mháistirphlean Ghráinseach Ghormáin.

Feicimid deiseanna láidre chun tógáil ar ár mbunús comhpháirtíochta tríd an GFGG a shuíomh mar shamhail do chomhar ilpháirtithe leasmhara.

Le hailíniú níos dlúithe le Croíghrúpa Páirtithe Leasmhara an GFGG, cuideofar le dlús a chur le seachadadh na gcéimeanna eile de Mháistirphlean Ghráinseach Ghormáin agus le torthaí comhroinnte a uasmhéadú ar fud an oideachais, na sláinte agus na forbartha pobail.

Trí rannpháirtíocht áitiúil a dhoimhniú, cuirfear feabhas ar an tionchar sóisialta agus neartófar úinéireacht an phobail, agus san am céanna cuirfear deis ar fáil le comhar trasrialtais leathnaithe chun spriocanna beartais a ailíniú agus maoiniú comhroinnte a scaoileadh. I dteannta a chéile, neartóidh na deiseanna sin cáil an GFGG mar cheannaire iontaofa in athnuachan uirbeach comhoibríoch.




Cumasófar cur i gcrích rathúil faoin gColún Straitéiseach seo go páirteach leis an méid seo a leanas:

- **Cumarsáid thrédhearcach chomhsheasmhach:** Cumarsáid oscailte, thráthúil agus chomhordaithe ar fud na gcomhpháirtithe uile chun muinín agus comhthuiscint a chothú.
- **Tiomantas leanúnach do rialachas rannpháirteach**: Le rannpháirtíocht leanúnach agus cinnteoireacht chomhpháirteach, caomhnófar samhail rialachais chomhoibríoch an GFGG.
- **Caidreamh Cobhsaí atá bunaithe ar Mhuinín**: Leanúnachas an chaidrimh ar fud eagraíochtaí comhpháirtíochta agus leibhéil cheannaireachta chun muinín a chaomhnú agus móiminteam a choinneáil ar bun.
- **Cuspóirí Straitéiseacha Comhroinnte agus Creataí Seachadta:** Ailíniú maidir le spriocanna coiteanna agus creataí seachadta lena n-aontaítear tosaíochtaí Chroíghrúpa Páirtithe Leasmhara an GFGG agus príomhpháirtithe leasmhara eile.

Tá cur i gcrích rathúil faoin gColún Straitéiseach Caidrimh agus Comhoibrithe ag brath ar roinnt rioscaí straitéiseacha a bhainistiú a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar ailíniú páirtithe leasmhara, éifeachtacht rialachais, agus móiminteam seachadta. Áirítear orthu sin:

- Tosaíochtaí éagsúla idir páirtithe leasmhara
- Tuirse rialachais nó scrogaill cinntí
- Cumarsáid agus cuntasacht neamhréireach

## Príomhbhearta

Chun tógáil ar ár mbunús láidir comhpháirtíochta agus ailíniú éifeachtach a choinneáil ar bun ar fud na bpáirtithe leasmhara uile, déanfaimid sraith gníomhaíochtaí dírithe chun comhar a neartú agus caidreamh a dhoimhniú.

**1. Creataí Rannpháirtíochta na bPáirtithe Leasmhara a Neartú agus ár samhail chomhoibríoch a fhorbairt**

Leanfaimid dár Straitéis Rannpháirtíochta Páirtithe Leasmhara a chur i bhfeidhm agus a bheachtú chun cumarsáid thrédhearcach agus comhar comhsheasmhach a chinntiú ar fud na bpáirtithe leasmhara uile.Déanfaimid ár samhail chruthaithe a oiriúnú chun tacú le sainchúram atá ag leathnú, rud a chinnteoidh rannpháirtíocht infheicthe an Bhoird agus an fheidhmeannais chun cuntasacht, muinín agus ailíniú a threisiú.

**2. Comhar le Príomhpháirtithe Leasmhara an GFGG a Dhoimhniú**

Neartóimid an comhar lenár gCroíghrúpa Páirtithe Leasmhara trí rannpháirtíocht réamhghníomhach lena gcothaítear, agus i gcás inar gá, lena dtreisítear an móiminteam ar fud na gcaidreamh uile chun ailíniú leanúnach a chinntiú maidir le tosaíochtaí atá riachtanach chun Máistirphlean Ghráinseach Ghormáin a chur i gcrích agus chun tacú le ról athraitheach an GFGG:

- **Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath** Soláthar na dtionscadal atá fágtha, maoiniú, Bainistíocht Eastáit, Tithíocht do Mhic Léinn.
- **FSS:** Seachadadh Comharsanachta Cúraim Chónaithe, úsáid amach anseo do Limistéar D, Ceapach 02, Bainistíocht Eastáit
- **Pobal Áitiúil** Rochtain ar áiseanna, Bainistíocht Eastáit
- **RBATNE:** Maoiniú, sainmhíniú ar shainchúram leathnaithe
- **DCC**: Pleanáil, Bainistíocht Eastáit, tionscnaimh inbhuanaitheachta

**3. Comhtháthú Traspháirtithe Leasmhara a Fheabhsú**

Neartóimid comhtháthú idir na príomhpháirtithe leasmhara, chun comhordú, seachadadh agus éifeachtúlacht oibríochtúil a fheabhsú. Agus ár gcáil mar bhróicéir macánta á giaráil againn, éascóidh an GFGG idirphlé struchtúrtha agus réiteach fadhbanna comhroinnte chun torthaí comhpháirteacha san oideachas, sa tsláinte agus i bhforbairt pobail a chur chun cinn, agus samhail Ghráinseach Ghormáin a threisiú mar thagarmharc d'athnuachan comhoibríoch.


**4. Ailíniú Straitéiseach agus Abhcóideacht a Neartú**

Cinnteoimid go leanfaidh ár ngníomhaíochtaí de bheith ailínithe go dlúth le tosaíochtaí rialtais atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear an reachtaíocht atá le teacht a leathnóidh ár sainchúram má fhaomhtar í. San am céanna, oibreoimid i gcomhar le chéile chun maoiniú caipitil inbhuanaithe a fháil, chun tacú le RBATNE chun cuspóirí straitéiseacha agus airgeadais fadtéarmacha a chur chun cinn, agus i gcás inarb iomchuí, chun rannchuidiú le hathchóirithe beartais lena gcumasaítear seachadadh éifeachtach ilpháirtithe leasmhara.

# Colúin Straitéiseacha
## Colún 3: Éabhlóid an GFGG

**Agus Máistirphlean Ghráinseach Ghormáin á chur i gcrích, freagairt don leasú atá beartaithe ar reachtaíocht GFGG agus ullmhú ina leith, ar reachtaíocht í lena leathnófaí sainchúram an GFGG agus lena gcuirfí ar chumas di tabhairt faoi obair lasmuigh de láithreán Ghráinseach Ghormáin.**

Trí fhreagairt do shainchúram leathnaithe agus ullmhú dó, is féidir leis an GFGG í féin a ailíniú go cuí le fís straitéiseach RBATNE chun an Ghníomhaireacht a fhorbairt ina comhlacht buan athnuachana uirbí / seachadta tionscadail chaipitil, a mbeidh reachtaíocht atá á forbairt faoi láthair agus atá fós le faomhadh ag an Oireachtas mar bhonn taca léi. Is céim ríthábhachtach í an reachtaíocht seo chun ról an GFGG amach anseo a dhaingniú agus chun leanúnachas na Gníomhaireachta a chinntiú tar éis Cheathrú Uirbeach Ghráinseach Ghormáin a thabhairt chun críche. Agus muid ag cur lenár gcuntas teiste cruthaithe seachadta, trí shainordú na Gníomhaireachta a choinneáil, caomhnófar eolas institiúideach, cumas seachadta, agus cobhsaíocht ceannaireachta, agus cosnófar an saineolas a bhí lárnach dár rath go dtí seo. Beag beann ar aon athrú a d'fhéadfadh teacht ar an reachtaíocht, rachaidh an próiseas éabhlóideach seo go mór chun tairbhe don Ghníomhaireacht agus dá sainchúram reatha Gráinseach Ghormáin a fhorbairt thar ceann a páirtithe leasmhara.




Obair na Gníomhaireachta a leathnú lasmuigh de Ghráinseach Ghormáin, tugtar deis don GFGG cur lena cáil mar ionad barr feabhais in athnuachan uirbeach inbhuanaithe agus i soláthar tionscadal caipitil.

Trí shainchúram leathnaithe a chur i gcrích, d'fhéadfaí a chur ar chumas an GFGG a shaineolas ildisciplíneach a chur i bhfeidhm maidir le tosaíochtaí breise seachadta caipitil, rud a chuirfeadh feabhas ar a rannchuidiú le bonneagar níos leithne, athnuachan agus clár oibre forbartha uirbí na hÉireann.

Freastalóidh éabhlóid na Gníomhaireachta freisin ar ghrúpa forbartha agus páirtithe leasmhara Ghráinseach Ghormáin, tríd an eagraíocht a neartú, a hathléimneacht agus a leibhéil éifeachtúlachta a fheabhsú, agus é a dhéanamh níos tarraingtí mar áit oibre don phríomhfhoireann.

Cumasófar cur i gcrích rathúil faoin gColún Straitéiseach seo go páirteach leis an méid

- **Urraíocht láidir RBATNE agus Ailíniú** Tras-Rannach: Beidh tacaíocht leanúnach beartais ó RBATNE, le tacaíocht ó ailíniú ar fud príomhranna Rialtais, riachtanach chun reachtaíocht chumasúcháin a chur chun cinn.
- **Creat Maoiniúcháin Inbhuanaithe agus Intuartha**: Beidh sé sin mar bhonn taca leis an leanúnachas, le coinneáil an lucht saothair, agus le cumas an GFGG oibríochtaí a scálú go héifeachtúil agus go héifeachtach lena seachadadh lasmuigh den Cheathrú Uirbeach.
- **Léiriú Leanúnach ar Rath an tSeachadta i nGráinseach Ghormáin:** Trí chuntas teiste láidir a choinneáil maidir le seachadadh, neartófar muinín an Rialtais agus na bpáirtithe leasmhara as cumas an GFGG tionscadail chasta ilpháirtithe leasmhara a bhainistiú.

Tá cur i gcrích rathúil faoi Éabhlóid Cholún Straitéiseach an GFGG ag brath ar roinnt rioscaí straitéiseacha a bhainistiú a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don dul chun cinn reachtach, don leanúnachas eagraíochtúil, agus do chumas na Gníomhaireachta móiminteam seachadta a choinneáil ar bhun le linn an aistrithe chuig sainchúram leathnaithe agus ina dhiaidh sin. Áirítear orthu sin:

- Moill reachtach nó débhríocht sa sainordú a bheidh ann amach anseo
- Srianta acmhainne agus cumais le linn an aistrithe

## Príomhbhearta

Chun freagairt go rathúil don reachtaíocht chumasúcháin réamh-mheasta agus chun ullmhú di lena leathnófaí sainchúram an GFGG agus lena gcuirfí ar chumas an GFGG tabhairt faoi obair lasmuigh de láithreán Ghráinseach Ghormáin, beidh gá le gníomhaíochtaí spriocdhírithe réamhbhreathnaitheacha chun ullmhacht eagraíochtúil, rialachas éifeachtach agus cumas oibríochtúil a neartú.

**1. Tacú leis an bpróiseas reachtach don sainordú leathnaithe**
Tacóimid le dul chun cinn an phróisis reachtaigh is gá chun sainchúram leathnaithe an GFGG a chur ar bhonn foirmiúil, lena gcinnteofar ullmhacht chun freagrachtaí nua a chur i bhfeidhm a luaithe a achtófar iad.

**2. Tairiscint seirbhíse bhreise an GFGG a shainiú**

Oibreoimid le RBATNE agus le príomhpháirtithe leasmhara eile chun ról, raon feidhme agus tairiscint seirbhíse an GFGG amach anseo a chur in iúl go soiléir mar chomhlacht seachadta tionscadail chaipitil, lena n-áirítear struchtúir rialachais, teorainneacha feidhmiúla agus creataí seachadta.

**3. Rialachas a neartú ar mhaithe le sainchúram leathnaithe**

Déanfaimid athbhreithniú agus mionchoigeartú ar shocruithe rialachais chun a chinntiú go leanfaidh siad de bheith oiriúnach dá bhfeidhm de réir mar a fhorbraíonn an GFGG agus béim á coinneáil ar Ghráinseach Ghormáin san am céanna. Áireofar leis sin comhdhéanamh agus cumas an Bhoird a neartú go hiomchuí, róil agus freagrachtaí a shoiléiriú, agus cultúr foghlama machnamhaí agus maoirseachta oiriúnaithí a leabú chun tacú le fás agus cuntasacht fhadtéarmach.

**4. Plean aistrithe a fhorbairt chun cumas agus córais eagraíochtúla a scálú**
Nuair a bheidh raon feidhme an leathnaithe deimhnithe, ullmhóimid plean aistrithe chun ullmhacht eagraíochtúil a chinntiú lena gcumhdófar na réimsí seo a leanas:

- Cumas eagraíochtúil: Dul i dtreo samhail níos solúbtha, croífheidhmeanna corparáideacha agus seachadta tionscadail a choinneáil agus saineolas seachtrach a mhealladh go solúbtha chun freastal ar éilimh seachadta atá ag athrú.
- Córais: An claochlú digiteach leanúnach a chur chun cinn trí rolladh amach inlín, barrfheabhsú oibre hibridí, forbairt scileanna digiteacha, agus comhtháthú uirlisí intleachta saorga chun éifeachtúlacht agus athléimneacht a fheabhsú.

# Colúin Straitéiseacha

## Colún 4: An Inbhuanaitheacht a leabú ar fud ár nGníomhaíochtaí

**Ceannaireacht an GFGG san fhorbairt uirbeach inbhuanaithe a ghiaráil trí dhíriú ar phríomhréimsí tionchair ar fud ár slabhra luacha chun foirgnimh éifeachtúla ísealcharbóin agus spásanna poiblí cuimsitheacha atá athléimneach ó thaobh na haeráide de a sholáthar, agus dlús á chur san am céanna le dícharbónú Chóras Téimh Cheantar Ghráinseach Ghormáin.**

Tá sé ríthábhachtach clár oibre inbhuanaitheachta an GFGG a chur chun cinn chun ár bhfreagracht mar mhaoir ar Cheathrú Uirbeach Ghráinseach Ghormáin a chomhlíonadh agus chun ailíniú le cuspóirí comhshaoil náisiúnta agus Eorpacha. Trí thosaíocht a thabhairt do dhícharbónú Chóras Téimh Cheantar Ghráinseach Ghormáin, neartóimid éifeachtúlacht, athléimneacht agus feidhmíocht fhadtéarmach ár sócmhainní tógtha agus tacóimid le cuspóirí

Trí struchtúir láidre thrédhearcacha atá ailínithe le trí phríomhthéama an Bheartais Comhshaoil, Shóisialta agus Rialachais (CSR) a neartú, beimid in ann ár ngníomhaíochtaí a dhíriú a thuilleadh ar ár bpríomhréimsí tionchair, a mheastar ar fud ár slabhra luacha.




Feicimid deis mhór chun seasamh Ghráinseach Ghormáin a chomhdhlúthú mar eiseamláir náisiúnta d'athnuachan uirbeach inbhuanaithe atá athléimneach ó thaobh na haeráide de. Trí dhícharbónú agus éifeachtúlacht acmhainní a chur chun cinn, déanfar an GFGG a ailíniú le spriocanna náisiúnta aeráide, fuinnimh agus inbhuanaitheachta, agus san am céanna cuirfear feabhas ar fheidhmíocht agus athléimneacht ár sócmhainní féin agus sócmhainní ár bpáirtithe leasmhara.Trí dhíriú ar ailíniú ríthábhachtach ghníomhaíochtaí, rioscaí agus deiseanna TSR, tacófar le prionsabail na hinbhuanaitheachta a leabú i ngach réimse dár gcuid oibre, le himeacht ama.

Cumasófar cur i gcrích rathúil faoin gColún Straitéiseach seo go páirteach leis an méid

- **Sruthanna Maoinithe Inbhuanaithe agus Tiomanta**: Rochtain ar mhaoiniú comhsheasmhach fadtéarmach caipitil agus oibríochtúil chun tacú leis an dícharbónú, leis an aistriú fuinnimh agus le tionscnaimh bainistíochta eastáit.
- **A ilíniú Beartais agus Rialála:** Ailíniú le creataí beartais náisiúnta tacúla lena gcumasaítear infheistíocht agus nuálaíocht i mbonneagar ísealcharbóin.
- **Comhar Trasph※irtithe Leasmhara:** Rannpháirtíocht ghníomhach agus ailíniú lenár gCroíghrúpa Páirtithe Leasmhara chun cuspóirí inbhuanaitheachta a chomhordú ar fud na Ceathrún Uirbí agus chun a chinntiú go mbeidh siad rannpháirteach go héifeachtach i mbearta caomhnaithe, éifeachtúlachta fuinnimh agus laghdaithe dramhaíola.

Beidh seachadadh rathúil faoin gColún Straitéiseach seo ag brath ar chumas an GFGG roinnt rioscaí a bhainistiú a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don dul chun cinn i dtreo spriocanna comhshaoil, éifeachtúlacht oibríochtúil, agus maoirseacht fhadtéarmach sócmhainní. Áirítear ar na rioscaí sin:

- Costais tógála agus iarfheistithe atá ag dul i méid
- Castacht chomhtháthú na gcóras oidhreachta
- Maoiniú teoranta do thionscnaimh inbhuanaitheachta

## Príomhbhearta

Chun an Colún seo a chur chun cinn, cuirfimid clár spriocdhírithe de  thionscnaimh inbhuanaitheachta ar fáil lena neartófar feidhmíocht chomhshaoil, athléimneacht fuinnimh, agus maoirseacht fhadtéarmach Cheathrú Uirbeach Ghráinseach Ghormáin. Áirítear ar na príomhbhearta:

**1. An Córas Téimh Ceantair a Dhícharbónú**

An t-aistriú chuig foirm in-athnuaite fuinnimh a chur chun cinn, i gcomhpháirtíocht le OT Bhaile Átha Cliath, FSS, DCC agus eile chun foinse teasa ísealcharbóin inbhuanaithe a chur in ionad breoslaí iontaise.

**2. Úsáid Acmhainní agus Ciorclaíocht**

Tosaíocht a thabhairt do chleachtais tógála inbhuanaithe, lena n-áirítear spriocanna uaillmhianacha comhshaoil a leagan síos, tomhaltas acmhainní a íoslaghdú, astaíochtaí carbóin (GCT) a laghdú, agus cleachtais a chur i bhfeidhm lena n-urramaítear agus lena gcaomhnaítear éiceachórais áitiúla.

Leanúint de phrionsabail an gheilleagair chiorclaigh a chur i bhfeidhm i ngach céim den tionscadal trí thosaíocht a thabhairt do phrionsabail an deartha inbhuanaithe agus don soláthar atá bunaithe ar shaolré.

**3. Bonneagar Glas a Chosaint agus a Fheabhsú**

Líonra glas an eastáit a fheabhsú agus a leathnú trí phlandú dúchasach, nascacht gnáthóige a chur chun cinn, agus bainistiú uisce stoirme nádúrtha agus tírdhreacha atá fabhrach do phailneoirí a chomhtháthú — tacú leis an mbithéagsúlacht agus  cáilíocht an chomhshaoil agus folláine úsáideoirí a fheabhsú ar fud na Ceathrún Uirbí san am céanna.

**4. Próisis Láidre**

Beartais, próisis agus rialachas láidir a leabú, lena n-áirítear Soláthar Poiblí Glas (SPG), lena bhfeabhsaítear cuntasacht shoiléir agus tuairisciú soiléir ar fud ár ngníomhaíochtaí uile. Leanúint de chultúr oscailte agus tiomanta a chothú chun tacú le prionsabail na hinbhuanaitheachta a leabú inár gcuid oibre uile.

**5. Luach**

Leanúint den rannpháirtíocht leis an bpobal áitiúil a dhoimhniú chun a chinntiú go leanfaidh Gráinseach Ghormáin de bheith ina cheantar uirbeach oscailte, cuimsitheach agus bríomhar. Tionscnaimh  a fhorbairt a thuilleadh a mbíonn tionchar sóisialta intomhaiste acu, amhail fostaíocht áitiúil, forbairt scileanna agus úsáid chomhroinnte saoráidí. An deis atá againn tionchar a imirt ar an gcothromas sóisialta, ar an gcuimsiú sóisialta agus ar an rathúnas sóisialta ar fud ár slabhra luacha agus tionchar a imirt orthu a chur san áireamh.

# Cumasóirí Straitéiseacha

## Coinníollacha seachtracha, tacaíochtaí institiúideacha, agus comhpháirtíochtaí lena neartaítear cumas an GFGG a chuspóirí a bhaint amach agus freagairt go héifeachtach do dhúshláin agus do dheiseanna amach anseo.

Sa bhreis ar na cumasóirí sonracha a shainaithnítear faoi gach Colún Straitéiseach thuas, tá tacar cumasóirí trasearnálacha, atá ábhartha d'ilcholúin straitéiseacha, mar bhonn taca faoi chumas foriomlán an GFGG an Ráiteas Straitéiseach seo a bhaint amach. Léiríonn na tosca sin na dálaí riachtanacha, idir inmheánach agus sheachtrach, lena gcinnfear cumas na Gníomhaireachta a cuspóirí a bhaint amach, móiminteam seachadta a choinneáil ar bun, agus freagairt go héifeachtach do dhúshláin agus do dheiseanna atá ag teacht chun cinn. I dteannta a chéile, is iad is bonn le cur i bhfeidhm rathúil ar fud na gColún Straitéiseach uile, lena gcinntítear go leanfaimid de bheith athléimneach, dea-rialaithe agus ullamh le haghaidh tionchar fadtéarmach.

| # | | Cur Síos | Bearta Neartaithe agus Tacaíochta | Colún Straitéiseach Ábhartha |
|---|---|---|---|---|
| 1 | **Maoiniú** | Aistriú ó mhaoiniú éiginnte margadhbhunaithe chuig sruthanna maoiniúcháin leordhóthanacha agus iontaofa. | Téigh i dteagmháil lenár bpríomhpháirtithe leasmhara chun gealltanais airgeadais a dhaingniú. Trí chásanna gnó fianaisebhunaithe a fhorbairt lena ndéantar tionscadail a ailíniú le tosaíochtaí náisiúnta agus lena léirítear luach ar airgead, is féidir leis an GFGG tionchar a imirt ar chinntí maoiniúcháin. Ba cheart don GFGG leanúint de bhainistíocht agus de mhaoirseacht láidir airgeadais a chur i bhfeidhm do gach tionscadal agus san am céanna féachaint ar bhealaí maoiniúcháin malartacha nach bhfuil ag brath an iomarca ar fháltais luaineacha ó dhíolacháin réadmhaoin OT Bhaile Átha Cliath. | 🟠 🔵 🟡 |
| 2 | **Cumas Eagraíochtúil:** | Cumas foirne a leathnú chun tacú leis an sainchúram níos leithne atá ann faoi láthair agus a d'fhéadfadh a bheith ann, le stádas buan gníomhaireachta earcaíocht agus coinneáil atá ag éirí níos fearr. | Is féidir leis an nGníomhaireacht feabhas a chur ar chumais foirne agus ar choinneáil tallainne trí infheistíocht a dhéanamh in oiliúint, i bhforbairt ceannaireachta agus i bpleanáil comharbais. Ina theannta sin, trí dhlús a chur leis an gclaochlú digiteach trí uirlisí digiteacha agus córais sonraí chomhtháite a ghlacadh, cuirfimid feabhas ar bhainistíocht tionscadal, ar thuairisciú agus ar chomhar, agus san am céanna cumasóimid cinnteoireacht shonraíbhunaithe agus cothóimid nuálaíocht. | 🟠 ⚫ 🔵 🟡 |
| 3 | **Rialachas Láidir & Daingean** | A chinntiú go leanfaidh an Bord de mhaoirseacht, trédhearcacht agus ailíniú láidir le hionchais an rialtais agus na bpáirtithe leasmhara a sholáthar. | Le himeacht ama, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar an tsamhail/na samhlacha rialachais chun maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar Cheathrú Uirbeach Ghráinseach Ghormáin agus ar aon fhreagrachtaí nua araon. I measc na bpríomhghníomhaíochtaí tá cumas an Bhoird agus an Fheidhmeannais Shinsearaigh a fheabhsú, róil agus freagrachtaí a shoiléiriú, comhdhéanamh ballraíochta a athbhreithniú, agus cultúr foghlama machnamhaí a chothú. Chinnteofaí leis sin lúfaireacht laistigh den Ghníomhaireacht agus thacófaí leis an bhfás san am céanna. | 🟠 ⚫ 🔵 🟡 |
| 4 | **Córais Eagraíochtúla** | Gníomhaireacht atá cumasaithe go digiteach agus solúbtha a dhéanamh di, le tacaíocht ó chur chuige láidir atá bunaithe ar chórais lena bhfeabhsaítear cumais seachadta i bhfianaise éiginnteachtaí amach anseo. | Trí phróisis bhainistíochta a chaighdeánú, cumais sonraí a fheabhsú, agus infheistíocht a dhéanamh i saineolas speisialaithe TF le haghaidh comhtháthú agus uathoibriú córais, is féidir leis an nGníomhaireacht claochlú digiteach a leabú ar fud na heagraíochta. Ina theannta sin, trí leas a bhaint as nuálaíocht i ndearadh, i dtógáil agus in oibríochtaí, tabharfar tuilleadh tacaíochta do spriocanna agus do chuspóirí straitéiseacha na Gníomhaireachta. | 🟠 🔵 |
| 5 | **Cultúr Eagraíochtúil** | Leanúint de chultúr a chothú a spreagann ardfheidhmíocht, a spreagann comhar, a ghlacann le foghlaim leanúnach, agus a threisíonn tiomantas comhroinnte fís an GFGG a sheachadadh trí mheon fáis. | Ní mór don Ghníomhaireacht infheistíocht a dhéanamh i gcumarsáid inmheánach, i bhforbairt ceannaireachta, agus i nglacadh cleachtas oibre nua, agus foghlaim leanúnach agus meon fáis á leabú ar gach leibhéal san am céanna. Cuideoidh fócas leanúnach ar na réimsí seo le leibhéil arda rannpháirtíochta agus táirgiúlachta a choinneáil, cinnteoidh sé go mbraitheann ár bhfoireann go bhfuil meas orthu agus go dtacaítear leo, agus cuirfidh sé ar chumas na Gníomhaireachta dul in oiriúint do dhúshláin a bheidh ann amach anseo agus ár gcultúr láidir á chaomhnú san am céanna. | 🟠 ⚫ 🔵 🟡 |
| 6 | **Tacaíocht láidir ó RBATNE agus ón Rialtas** | Beidh urraíocht ghníomhach RBATNE agus tacaíocht leanúnach ón Rialtas do shainchúram reatha agus leathnaithe an GFGG, do mhaoiniú státchiste, agus d'fhoinsí eile ríthábhachtach chun ailíniú straitéiseach agus tionchar seachadta náisiúnta a choinneáil ar bun. | Beidh rannpháirtíocht leanúnach le RBATNE ríthábhachtach chun urraíocht straitéiseach a athdhearbhú agus chun ionchais a shoiléiriú faoi shainchúram leathnaithe. Leanfaidh an GFGG de shármhaitheas a léiriú i rialachas, seachadadh agus bainistíocht páirtithe leasmhara ar fud Cheathrú Uirbeach Ghráinseach Ghormáin agus aon tionscadail bhreise a dhéantar, agus muinín RBATNE agus an Rialtais as a cumas agus a feidhmíocht á coinneáil. Ina theannta sin, oibreoidh an Ghníomhaireacht leis an Rialtas lárnach chun ailíniú le hardoideachas náisiúnta, le bonneagar agus le creataí maoinithe ábhartha eile. | 🟠 ⚫ 🟡 |

🟠 Colún 1: Seachadadh Leanúnach Mháistirphlean Ghráinseach Ghormáin ⚫ Colún 2: Caidreamh agus Comhar 🔵 Colún 3: Éabhlóid an GFGG 🟡 Inbhuanaitheacht agus Bainistíocht Eastáit

# Rioscaí Straitéiseacha

## Príomhéiginnteachtaí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chumas an GFGG gach ceann dá Tosaíochtaí Straitéiseacha a bhaint amach agus na torthaí atá beartaithe don Ráiteas Straitéiseach seo a bhaint amach.

Chomh maith leis na rioscaí sonracha a leagtar amach faoi gach Colún Straitéiseach, tá roinnt rioscaí straitéiseacha trasearnála ann, a bhfuil gach ceann acu ábhartha d'ilcholúin straitéiseacha, agus ar dócha go mbeidh tionchar acu ar chumas foriomlán an GFGG an Ráiteas Straitéiseach seo a bhaint amach. Is iad sin na príomhéiginnteachtaí, lena gcuimsítear gnéithe buiséadacha/maoiniúcháin, airgeadais, beartais, eagraíochtúla, sochaíocha agus páirtithe leasmhara, a d'fhéadfadh dúshlán a thabhairt d'amlínte seachadta, do chobhsaíocht acmhainní, nó d'ailíniú straitéiseach. Beidh sé ríthábhachtach monatóireacht agus maolú gníomhach a dhéanamh ar na rioscaí sin chun a chinntiú go gcoinnímid muinín sa soláthar, go gcaomhnóimid ár n-athléimneacht, agus go gcinnteofar dul chun cinn leanúnach i ngach réimse den obair.

| # | Cumasóir | Cur Síos | Bearta Maolaithe | Colún Straitéiseach |
|---|---|---|---|---|
| 1 | **Riosca do Pháirtithe Leasmhara** | D'fhéadfadh mí-ailíniú nó comhar lag leis na príomhpháirtithe leasmhara moill a chur ar an dul chun cinn agus an bonn a bhaint de chumas an GFGG an Máistirphlean agus a sainchúram níos leithne a sheachadadh. | Cumarsáid agus comhar éifeachtach le Croíghrúpa Páirtithe Leasmhara an GFGG, agus le grúpa leathnaithe dá rachadh sainchúram na Gníomhaireachta níos faide ná Ceathrú Uirbeach Ghráinseach Ghormáin, beidh an dá rud sin ríthábhachtach. D'fhéadfadh an baol a bheith ann go measfaí aon ghníomhaíocht tionscadail sheachtraigh a bheith ina fócas atreoraithe ón Máistirphlean; dá bhrí sin, beidh sé ríthábhachtach rannpháirtíocht thrédhearcach réamhghníomhach a choinneáil ar bun chun muinín a chothú agus chun tiomantas do phríomhthosaíochtaí an GFGG a threisiú. | 🟠 ⚫ 🔵 🟡 |
| 2 | **Éiginnteacht Éilimh** | D'fhéadfadh aistrithe sochaíocha i dtreo na cianoibre agus na cianfhoghlama úsáid foirgneamh nó láithreáin a laghdú, rud a chruthódh éiginnteacht maidir le hinfheistíocht amach anseo agus a chuirfeadh srian ar chumas an GFGG pleanáil agus seachadadh a dhéanamh do pháirtithe leasmhara. | Cé gurb iad na páirtithe leasmhara ábhartha atá freagrach ar deireadh as an gcaoi a n-úsáidtear a gcuid saoráidí, is féidir linn cúnamh a thabhairt trí spásanna solúbtha ardchaighdeán a dhearadh, trí rannpháirtíocht an phobail a chothú chun úsáid chomhroinnte a spreagadh agus trí bheith ag tacú le cinnteoireacht shonraíbhunaithe. D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí sin cabhrú le páirtithe leasmhara feabhas a chur ar rátaí úsáide agus an cás a neartú le haghaidh infheistíocht amach anseo. | 🟠 🔵 |
| 3 | **Riosca do Cháil** | D'fhéadfadh míshástacht na bpáirtithe leasmhara le luas an tseachadta nó le hinfheictheacht / leibhéal rannpháirtíochta an bonn a bhaint den mhuinín | Ní mór dúinn bealaí láidre cumarsáide a choinneáil le rannpháirtíocht ghníomhach ónár ngrúpaí páirtithe leasmhara. Má chinntear sainchúram leathnaithe, tá sé ríthábhachtach páirtithe leasmhara a chur ar a suaimhneas trí na bealaí cumarsáide sin nach gcuirfear brú ar acmhainní chun Ceathrú Uirbeach Ghráinseach Ghormáin ná ceantair eile a sheachadadh. | 🟠 ⚫ 🔵 🟡 |
| 4 | **Riosca Comhshaoil Seachtrach** | D'fhéadfadh brúnna maicreacnamaíocha, luaineacht sa mhargadh réadmhaoine, agus athruithe beartais cur isteach ar sheachadadh, agus d'fhéadfadh brúnna sa mhargadh réadmhaoine an bonn a bhaint go díreach de mhaoiniú reatha an GFGG le haghaidh thionscadail OT Bhaile Átha Cliath | Cé nach féidir leis an GFGG deireadh a chur le rioscaí seachtracha comhshaoil, is féidir léi a dtionchar a mhaolú trí bhainistíocht láidir riosca, ailíniú beartais, comhar le páirtithe leasmhara, pleanáil sholúbtha, fair na fáistine agus cumarsáid réamhghníomhach. Cuidíonn na gníomhaíochtaí sin linn leanúint de bheith athléimneach agus freagrúil i dtimpeallacht sheachtrach dhinimiciúil. | 🟠 ⚫ 🔵 🟡 |

🟠 Colún 1: Seachadadh Leanúnach Mháistirphlean Ghráinseach Ghormáin ⚫ Colún 2: Caidreamh agus Comhar 🔵 Colún 3: Éabhlóid an GFGG 🟡 Inbhuanaitheacht agus Bainistíocht Eastáit

# Tionchar Straitéiseach agus Maitrís Rialaithe

## Príomhchumasóirí agus Rioscaí Straitéiseacha an GFGG a mhapáil de réir an tionchair straitéisigh agus mhéid an rialaithe is féidir leis an GFGG a fheidhmiú


Agus leas á bhaint as treo plé na straitéise inmheánaí ónár mBord, déantar mapáil sa léaráid thíos ar phríomhchumasóirí agus príomhrioscaí straitéiseacha an GFGG de réir a dtionchair straitéisigh fhoriomláin agus mhéid an rialaithe nó an tionchair is féidir leis an nGníomhaireacht a fheidhmiú. Soláthraítear leis an anailís sin creat soiléir chun tosaíocht a thabhairt d'fhócas agus d'acmhainní, agus béim á leagan ar an áit ar féidir leis an mbainistíocht réamhghníomhach an luach straitéiseach is mó a bhaint amach agus ar an áit a mbeidh comhar gníomhach, monatóireacht nó maolú de dhíth ar spleáchais sheachtracha.

1 Seachadadh Leanúnach Mháistirphlean

2 Caidreamh agus Comhar

3 Éabhlóid an GFGG

4 An Inbhuanaitheacht a leabú ar fud ár nGníomhaíochtaí



# Aguisín A1

## Dul chun cinn in aghaidh Torthaí Straitéiseacha agus Torthaí Gníomhaireachta atá i Ráiteas Straitéise 2026 – 2031

*Tábla 4: Forbhreathnú ar an dul chun cinn in aghaidh na gcuspóirí straitéiseacha atá i Ráiteas Straitéise 2021–2026*

| # | Toradh Straitéiseach | |
|---|---|---|
| 1 | Seachadadh sábháilte agus inbhuanaithe gach tionscadail tógála. | 🟢 |
| 2 | An cur isteach is lú is féidir ar ár gcomharsana agus an láithreán á thógáil amach againn. | 🟢 |
| 3 | Caidreamh láidir pobail, lena n-áirítear lenár gcomharsana agus lenár ngnólachtaí áitiúla uile, chun comhthuiscint úinéireachta ar láithreán nua Ghráinseach Ghormáin a chinntiú. | 🟢 |
| 4 | Caidreamh oibre den scoth lenár bpríomhpháirtithe leasmhara chun a chinntiú go bhfuiltear ag freastal ar a gcuid riachtanas trí láithreán nua Ghráinseach Ghormáin a sheachadadh. | 🟠 |
| 5 | Torthaí inbhuanaithe ardchaighdeán agus braistint fhónta úinéireachta do gach úsáideoir deiridh agus béim láidir ar ghnéithe sóisialta agus cultúrtha thionscadal athnuachana Ghráinseach Ghormáin. | 🟠 |
| 6 | Leibhéil leordhóthanacha maoinithe a choinneáil chun gur féidir tionscadail a chur i gcrích i gceart. | 🟠 |
| 7 | Rialú láidir cáilíochta agus costais agus seachadadh tráthúil tionscadal caipitil lena n-áirítear Orduithe agus Éilimh Íosta Athraithe. | 🟢 |
| 8 | A chinntiú go n-úsáidtear modheolaíochtaí soláthair éifeachtúla agus cuí chun luach a uasmhéadú don cháiníocóir agus meas a léiriú dóibh siúd a fhostaímid chun suíomh nua Ghráinseach Ghormáin a sheachadadh. | 🟢 |
| 9 | Dlúthchomhordú lenár gcomhpháirtithe tionscadail DCC agus an NTA chun a chinntiú gur féidir le daoine rochtain a fháil go héasca agus go hinbhuanaithe ar láithreán Ghráinseach Ghormáin agus meas á léiriú ar an bpobal comharsanachta san am céanna. | 🟢 |
| 10 | Oibreoidh an GFGG le páirtithe leasmhara chun a chion a dhéanamh chun tacú le Cathair Bhaile Átha Cliath a sprioc maidir le gníomhú ar son na haeráide a bhaint amach, is é sin Baile Átha Cliath a fhorbairt mar réigiún inbhuanaithe, sláintiúil, ceannródaíoch atá neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050. Geallaimid freisin ár dtacaíocht do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. | 🟢 |
| 11 | Struchtúr Bainistíochta Eastáit Ghráinseach Ghormáin (BEGG) atá cumasach agus a bhfuil na hacmhainní cuí aige a bhunú ina iomláine. | 🟠 |
| 12 | Tailte agus foirgnimh a aistriú go héifeachtúil chuig na páirtithe leasmhara ábhartha ar chur i gcríoch dóibh. | 🟢 |
| 13 | Luach an GFGG agus a cuid oibre lasmuigh de Thionscadal Ghráinseach Ghormáin don Stát a mheas | 🟢 |

Eochair Eolais: 🟢 Toradh Straitéiseach bainte amach nó ar an mbóthar ceart lena bhaint amach 🟠 Ní mór aird bhreise a thabhairt ar an Toradh Straitéiseach 🔵 Ní mór aird breise suntasach a thabhairt ar an Toradh Straitéiseach

*Tábla 5: Forbhreathnú ar an dul chun cinn in aghaidh na na dTorthaí Gníomhaireachta atá i Ráiteas Straitéise 2021–2026*

| # | Toradh Gníomhaireachta | |
|---|---|---|
| 1 | Cultúr oibre iomchuí seanbhunaithe láidir le Misean, Fís, Luachanna agus Iompraíochtaí soiléire | 🟢 |
| 2 | Foireann spreagtha thiomnaithe a bhfuil cothromaíocht inbhuanaithe oibre is saoil aici. | 🟠 |
| 3 | Meastar í a bheith ina ceannairí san athnuachan uirbeach agus sóisialta in Éirinn – agus féiniúlacht bhranda láidir iomchuí aici. | 🟢 |
| 4 | Struchtúr soiléir eagraíochtúil ina bhfuil beartais agus córais oibríochta atá éifeachtúil, dea-dhoiciméadaithe, in-athúsáidte agus inscálaithe. | 🟠 |
| 5 | Ag obair i dtimpeallacht fhisiciúil agus dhigiteach atá oiriúnach don fheidhm. | 🟢 |

Eochair Eolais: 🟢 Toradh Straitéiseach bainte amach nó ar anmbóthar ceart lena bhaint amach 🟠 Ní mór aird bhreise a thabhairt ar an Toradh Gníomhaireachta 🔵 Ní mór aird breise suntasach a thabhairt ar an Toradh Gníomhaireachta